# Amach ón gCósta a Chumhachtú - An Cósta Theas

An Nuacht is Déanaí maidir leis an Tionscadal Iúil 2026









# Forléargas Tionscadail

Is ionann Amach ón gCósta a Chumhachtú – An Cósta Theas agus clár EirGrid lena dtógfar an bonneagar is gá don eangach nua tharchuir chun cumhacht a ghinfear sna feirmeacha gaoithe amach ón gcósta theas a thabhairt isteach inár n-eangach náisiúnta.

Cuirfidh an clár seo ar chumas tithe agus gnólachtaí ar fud chósta na hÉireann agus níos faide ar shiúl leictreachas a ghintear ó fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a úsáid. Cabhróidh sé linn freastal ar an éileamh méadaitheach ar leictreachas, gan cur lenár lorg carbóin.

Cuideoidh an clár freisin leis an ngeilleagar a neartú ar fud na réigiún cósta, ag spreagadh agus ag tacú le hinfheistíocht tionscail le hinrochtaineacht ar eangach leictreachais láidir.





# Feachtas eolais suirbhéireachta - achoimre Márta - Aibreán


Mar a luadh sa bhlúirín nuachta maidir leis an tionscadal uainn i mí an Mhárta, thosaigh EirGrid ar Chéim 2 de shuirbhéanna muirí agus teacht i dtír PUOSC i mí Aibreán 2026,chun cuidiú linn faisnéis a fháil maidir le bealaí cábla oiriúnacha muirí agus teacht i dtír. Is céim ríthábhachtach iad na suirbhéanna seo maidir le dul chun cinn an tionscadail.

Sular cuireadh tús leis an gcéim seo, chuaigh foireann rannpháirtíochta EirGrid i mbun réimse leathan rannpháirtíochtaí ar fud na limistéar tionscadail chun eolas a chur ar fáil faoi na suirbhéanna a bheidh ag teacht agus chun aon cheisteanna ó pháirtithe leasmhara a fhreagairt. Thugamar cuairt ar bhailte i gCorcaigh, i Loch Garman agus i bPort Láirge le haonad móibíleach eolais EirGrid. D'éascaigh ár nOifigeach Idirchaidrimh Iascaigh cruinnithe iascaigh i bpearsa i nDún Mór Thoir, i gCeann Heilbhic, i bhFiodh Ard agus i mBaile Choitín, le tacaíocht ó bhaill mhóra an tionscadail PUOSC.

Tháinig an feachtas eolais suirbhéireachta chun críche an 23 Aibreán le seimineár gréasáin agus deis ceisteanna, le painéil de dhaoine ó fhoirne rannpháirtíochta pobail agus tionscadail EirGrid. Más rud é nach raibh tú in ann freastal ar an seimineár gréasáin, tá an taifead de ar fáil anseo. Ar an gcaoi chéanna, más mian leat eolas breise a fháil, nó labhairt le duine den fhoireann rannpháirtíochta pobail, is féidir teacht ar shonraí teagmhála ag deireadh na cáipéise seo.



*Eoghan O'Sullivan, Ronan Lynch agus Michelle Walsh ó fhoireann rannpháirtíochta pobail EirGrid leis an aonad móibíleach eolais i dTrá Mhór i mí Aibreáin 2026.*



*Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh EirGrid, Ronan Lynch,ag cruinniú iascaigh i nDún Mór Thoir an 10Aibreán 2026*

# An nuacht is déanaí faoi na suirbhéanna muirí & teacht i dtír

## Staid reatha

Sa bhlúirín nuachta maidir leis an tionscadail uainn i mí an Mhárta, thugamar dár n-aire go mbeadh suirbhéanna muirí agus teacht i dtír Chéim 2 2026 dírithe ar na ceantair mórthimpeall Áit Theacht i dTír C (Garraí Bhoithe Íochtarach, Baile an Bhuitléaraigh agus Baile Uí Chríonáin i gContae Chorcaí) agus Áit Theacht i dTír F (laistigh de bhailte fearainn Banú i gContae Loch Garman) – dhá cheantar ar éirigh go maith leo i measúnuithe roimhe seo. Baintear leas as na sonraí ó na suirbhéanna seo chun eolas a dhéanamh do na roghanna bealaí muirí agus teacht i dtír is fearr feidhmíochta atá ag teacht chun cinn.

## Na chéad chéimeanna eile

Cuirfear tús le suirbhéanna muirí geoiteicniúla i mí Iúil, gar d'Áit Theacht i dTír C agus i mí Lúnasa, gar d'Áit Theacht i dTír F. Le linn na dtréimhsí seo, beifear in ann báirse inardaitheach a fheiceáil ón trá. Is ardán seasta oibre é seo a úsáidtear ar muir: nuair a bhíonn sé i suíomh, déantar suirbhéanna geoiteicniúla sa cheantar faoin mbáirse ardaithe. Cuidíonn an t-eolas a bhailítear linn coinníollacha ghrinneall na farraige a thuiscint, rud a dhéanfaidh eolas don phróiseas deartha.

Cuirfear tús le suirbhéanna geoiteicniúla teacht i dtír ar thalamh phríobháideach i mí Lúnasa agus tá ár nOifigeach Idirchaidrimh Talmhaíochta is i mbun rannpháirtíocht le haon duine a mbeidh na hoibreacha seo ag déanamh difear dóibh.

## Suirbhéanna intíre

I láthair nua huaire, tá EirGrid ag scrúdú na limistéar is fearr ina bhféadfaí an tionscadal a nascadh leis an eangach leictreachais. Táimid ag breathnú freisin ar bhealaí féideartha do cháblaí faoi thalamh, ag síneadh ó na háiteanna teacht i dtír atá beartaithe go dtí na limistéir naisc lin. Sna míonna amach romhainn, déanfaidh EirGrid réamhshuirbheanna neamhsáiteacha sna limistéir a sainaithníodh sa bhúirín eolais uainn i mí an Mhárta mar na criosanna naisc is fearr feidhmíochta. Déanfar suirbheanna den chineál céanna i limistéir phoiblí idir na háiteanna teacht i dtír atá beartaithe agus na criosanna sin. Cuirfimid níos mó eolais ar fáil faoi na suíomhanna beachta sa chéad blúirín nuachta eile uainn.


# Feirm Gaoithe Amach ón gCósta Tonn Nua

Sheol Tonn Nua suíomh a dtionscadail le déanaí www.tonnnua.ie. Anseo, gheobhaidh tú breis sonraí maidir lena gcuid pleananna agus amlínte, mar aon le Ceisteanna Coitianta.

De rogha air sin, más mian leat dul i dteagmháil le duine d'fhoireann Tonn Nua, féach thíos na sonraí teagmhála

**Bainisteoir na bPáirtithe Leasmhara:**
Patricia.Comiskey@esb.ie

**Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh:**
Barry.Faulkner@esb.ie



# Nuacht don phobal

## Fóram Pobail

Chuamar i mbun rannpháirtíocht le héascaitheoir neamhspleách le bheith ina gcathaoirleach ar fhóram pobail Amach ón gCósta a Chumhachtú – An Cósta Theas de chuid EirGrid. Mar gheall go bhfuil an tionscadal seo ar fud Chorcaí agus Loch Garman/Phort Láirge, beidh 2 fhóram pobail ann chun ionadaíocht chothrom agus chomhionann a chinntiú. Ón bpleanáil agus ón dearadh go dtí an tógáil agus soláthar na gcistí sochair pobail, tá ról lárnach ag na fóraim seo maidir le cainéal cumarsáide láidir déthreorach a chothabháil idir ionadaithe ón bpobal agus EirGrid.

Cruthaíodh roimhe seo go mbíonn fóraim phobail tairbhiúil do EirGrid agus do phobail áitiúla araon agus is féidir cloisteáil ó bhaill an fhóraim do thionscadail eile EirGrid anseo.

Chun léiriú spéise a chlárú do do phobal nó do ghrúpa eagraíochta, scan an cód QR thíos nó cliceáil anseo.

## Ag Tacú le Pobail Áitiúla

Is cúis bróid do EirGrid é tacú le pobail áitiúla thar réimse urraíochtaí ar an gCósta Theas. Le fíordhéanaí, thugamar urraíocht do Shnámh Faoin Aer an RNLI i nDún Mór Thoir ar an 24 Bealtaine don 3ú bliain as a chéile. Cuireann urraíocht EirGrid ar imeachtaí de chuid an RNLI ar chósta theas na hÉireann tacaíocht luachmhar ar fáil a théann níos faide ná an ranníocaíocht airgeadais amháin. Cuidíonn rannpháirtíocht EirGrid leis an RNLI cistí riachtanacha a bhailiú a thugann tacaíocht dhíreach d'fhoirne deonacha na mbád tarrthála, do threalamh tarrthála, do chúrsaí oiliúna agus do thionscnaimh sábháilteachta uisce. Cuireann an urraíocht ar imeachtaí tiomsaithe airgid ar chumas an RNLI dul i dteagmháil le pobail áitiúla agus, ag an am céanna, feasacht a mhéadú faoina mhisean tarrthála.

Léiriú Spéise san Fhóram Pobail





# Snámh Faoin Aer an RNLI 2026 ag an Dún Mór Thoir



# Seo a leanas Foireann Rannpháirtíochta EirGrid ar an gCósta Theas:

Scan anseo
chun do chuid spéise
a léiriú chun nuacht a fháil
faoin tionscadal

## Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal (Corcaigh)



**Michelle Walsh**

michelle.walsh@eirgrid.com
+353 (0) 85 870 4999

## Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal (Port Láirge/Loch Garman)



**Eoghan O'Sullivan**

eoghan.osullivan@eirgrid.com
+353 (0) 87 247 7732

## Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh



**Ronan Lynch**

ronan.lynch@eirgrid.com
+353 (0) 87 490 4786

## Ceann Foirne na Rannpháirtíochta Talún



**Sean Kenny**

sean.kenny@eirgrid.com
+353 (0) 85 708 9595

EirGrid

An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath 4, D04 FW28
01 627 1700 | EirGrid.ie

CARBON BALANCED PAPER
WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856